# PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE AN SCEILG

## 1.0 COMHTHÉACS

### 1.1 Suíomh

Is sráidbhaile cois cósta atá i mBaile an Sceilg atá suite le hais an R566 ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá Dún Géagáin, lena roinneann sé mórán seirbhísí, suite 1.5 km ó thuaidh. Cé gur tharla leibhéal áirithe forbartha idir an dá lonnaíocht le blianta beaga anuas is féidir féachaint fós orthu mar dhá lonnaíocht ar leith. Tá Baile an Sceilg suite laistigh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.

### 1.2 Daonra

Níl aon fhigiúirí ann do dhaonra shráidbhaile Bhaile an Sceilg féin. Tá sé suite laistigh de thoghroinn Bhaile an Sceilg. Tháinig laghdú beag ar an daonra sa Toghroinn seo idir 2002 agus 2006 ó 358 go dtí 355 duine. Mhéadaigh sé beagán i ndaonáireamh 2011 go dtí 372 duine.

### 1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Is lonnaíocht tábhachtach turasóireachta é Baile an Sceilg ar an *Skellig Ring*. Tá mórán seirbhísí agus feidhmeanna aige i bpáirt le Dún Géagáin. Is é is scaipthe den dá shráidbhaile le níos lú seirbhísí ann. Tá beagán saoráidí sóisialta sa lonnaíocht ar a n-áirítear teach tabhairne, siopa agus aonad tionsclaíoch a tháirgíonn málaí agus pacáistiú. Tá páirc imeartha an CLG áitiúil (Naomh Micheál) suite idir Baile an Sceilg agus Dún Géagáin.

### 1.4 Infreastruchtúr

Tá soláthar uisce poiblí ar fáil sa tsráidbhaile. Bíonn ceist leanúnach ag baint le cáilíocht an uisce i gcaitheamh an tsamhraidh. Más gá é is féidir é a nascadh le, agus úsáid a bhaint as acmhainn bhreise Scéim an Choireáin.
Tá aonad cóireála príomhúil ag freastal ar an gceantar. Ní leor an aonad seo agus níl aon phlean ann le huasghrádú a dheánamh air.

### 1.5 Foirm Uirbeach

Bailiúchán de thithe scaipthe atá sa tsráidbhaile, le foirm líneach air le struchtúir scoite den chuid is mó gan líne socraithe tógála ann. Le blianta beaga tá roinnt forbairtí saoire tar éis athrú a dhéanamh ar shaintréithe na lonnaíochta le méadú suntasach ar an gceantar tógtha. Tithe den chineál céanna den chuid is mó i bhfoirmiú cnuasaigh atá sna forbairtí nua. Tá roinnt forbairtí a déanadh le déanaí tar éis cur le sráid-dreach an tsráidbhaile, agus dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an sráid-dreach seo thabharfadh sé croílár níos sainithe agus struchtúr uirbeach don tsráidbhaile. Ba dhíol mór suntais sa cheantar an coimpléacs foirgneamh atá buailte leis an stáisiún cábla, ach leagadh formhór na bhfoirgneamh seo thar na blianta. Tá sraith de thithe ceithre urlár fós ann ó bhunchoimpléacs an Stáisiún Cábla.

**1.6 An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta**
Níl aon séadchomhartha taifeadta laistigh de limistéar an phlean atá beartaithe. Is struchtúr atá faoi chosaint é *Kinard House* (tag KY-097-001). Is cuid suntasach den sráid-dreach atá sa tsraith tithíochta. Is foirgnimh tharraingteacha atá sa tsraith ceithre theach (Stáisiún Cábla) dhá urlár seo ar stíl dhúchasach.

**1.8 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha**
Tá Baile an Sceilg suite ar thalamh íseal timpeall le 500 méadar ó chladach Chuan Bhaile an Sceilg. Tá sonraíocht Bhrataí Goirme an AE ag ceantar na trá.
Tá an leath theas agus den sráidbhaile agus taobh na farraige criosaithe mar Thaitneamhacht Tánaisteach Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009–2015. Is cuid de Bhá Bhaile an Sceilg agus Inbhear na hUíne atá sa bhá ar iarrthóir SAC atá ann a bhfuil ardsuntas caomhantais ag baint leis toisc dhá riasc goirt a bheith ann, atá liostáilte in Aguisín 1 de Threoir an AE maidir le gnáthóga. Tá daonra suntasach den Fheadóg Chladaigh agus den Scótar ann freisin agus tacaíonn na dumhcha le daonra de speiceas neamhchoitianta den aelus ar a dtugtar Lus na bPeiteal (*Petalophylum ralfsii*).

**1.9 Trácht Feithicleach agus Coisithe**
Cruthaíonn ceantar na trá mórán tráchta feithicleach i gcaitheamh an tsamhraidh agus is féidir brú tráchta a bheith i gceantar an charrchlóis ó am go chéile. Cruthaíonn trácht turasóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh atmasféar gnóthach ach i gcaitheamh an gheimhridh is trácht áitiúil is mó a bhíonn ann toisc é a bheith iargúlta.

**1.10 Fostaíocht**
Is é an fostaí is mó sa tsráidbhaile ná *Delpac*, a dhéanann málaí agus cineálacha eile pacáistithe do mhargaí na hÉireann agus na Breataine.

**1.11 An Ghaeltacht**
Tá Baile an Sceilg suite laistigh de cheantar Gaeltachta agus tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge riachtanach dá fhorbairt sa todhchaí. Meastar go gcuirfeadh athbheochan an coláiste Gaeilge leis an gceantar a bhfuil gá le fostaíocht agus ioncam ann.

**1.12 Fás agus Forbairt Cónaithe**

Críochnaíodh roinnt forbairtí tithíochta ar an dá thaobh den phríomhshráid le blianta beaga anuas. Is mar thithe saoire is mó a úsáidtear na tithe seo. Críochnaíodh beagán teach aonair chun buanchónaithe thar an tréimhse céanna. Is mó go mór líon na dtithe saoire a tógadh le blianta beaga anuas seachas na tithe buanchónaithe a críochnaíodh.

Tharla leibhéal suntasach forbartha ribíneach ar na bóithre isteach ann thar na blianta. Beidh ar gach teach nua teacht leis na polasaithe lonnaíochta tuaithe atá sa Phlean Forbartha Contae.
Déanann teorainn forbartha Bhaile an Sceilg sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt

athfhorbartha in aice le croílár an tsráidbhaile. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar na tailte seo atá cóngrach do chroílár an tsráidbhaile.

Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha agus beidh sé ag teacht leis an dearadh dúchasach atá ann.

## 2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

***Is é atá mar fhís fhoriomlán do Bhaile an Sceilg a chinntiú go bhforbraíonn sé mar láthair atá tarraingteach do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon agus go gcaomhnaíonn forbairt sa todhchaí saintréithe an tsráidbhaile agus go ndaingnítear sin nuair is gá é.***

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfaí an tuath oscailte idir Baile an Sceilg agus Dún Géagáin. Is é atá mar straitéis forbartha do Bhaile an Sceilg forbairt níos orgánaí de réir a chéile air mar shráidbhaile tuaithe agus mar ionad turasóireachta ag teacht le leibhéal an tsoláthair infrastruchtúir. Bhain fás le blianta beaga anuas le hearnáil na dtithe saoire den chuid is mó.
Tá an sráidbhaile suite i gceantar Gaeltachta agus tá sé tábhachtach nach dtarlódh aon fhorbairt a dhéanfadh dochar do chur chun cinn na Gaeilge. Meastar go gcuirfeadh athbheochan an coláiste Gaeilge leis an gceantar a bhfuil gá le fostaíocht agus ioncam ann.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:

- A chinntiú go dtacódh forbairt sa todhchaí le ról agus le feidhm reatha an tsráidbhaile mar phointe beag teagmhála don phobal tuaithe máguaird.

- Feabhas a chur ar thaitneamhacht amhairc an tsráidbhaile. Tá an sráidbhaile ar bhealach tábhachtach turasóireachta, an *Skellig Ring*, agus níor chóir go mbainfeadh forbairt den taitneamhacht a dhéanann díol spéise turasóireachta as an tiomáint seo.

- Úsáid na Gaeilge agus athbheochan an coláiste Gaeilge a chur chun cinn.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh den tsráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag suíomh oiriúnach le freastal ar an bpobal áitiúil.

## 3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

| Cuspóir Uimh. | Is cuspóir ag an gComhairle é: |
|---|---|
| **OO-1** | Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar áiseanna ar feadh na bliana ag soláthar méadú ar sheirbhísí don gceantar áitiúil agus breis luach le táirge na turasóireachta. |

## 4.0 SAINCHUSPÓIRÍ

| Cuspóir Uimh. | Spás Oscailte, Áineas agus Taitneamhacht<br>Is cuspóir ag an gComhairle é: |
|---|---|
| **A-1** | Tailte a chur i leataobh d'fhorbairt fhaiche an tsráidbhaile faoi mar atá léirithe ar an léarscáil chriosaithe. |

| Cuspóir Uimh. | Áiseanna tráchtála/miondíola<br>Is cuspóir ag an gComhairle é: |
|---|---|
| **CR-1** | Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe asraon tráchtála/miondíola ag suíomh oiriúnach le freastal ar an bpobal áitiúil. |

| Cuspóir Uimh. | Trácht Feithicleach agus Coisithe<br>Is cuspóir ag an gComhairle é: |
|---|---|
| **T-1** | Feabhas a chur ar nascacht choisithe laistigh den lonnaíocht trí bhealaí a sholáthar do choisithe ag suíomhanna iomchuí. |

| Cuspóir Uimh. | Gaeltacht Uíbh Ráthaigh<br>Is cuspóir ag an gComhairle é: |
|---|---|
| **G-1** | Úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar theanga an phobail. Éascú a dhéanamh ar athbheochan an coláiste Gaeilge. |